



# An Garda Síochána

## Doiciméad Beartais

### Córas Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS)

---

Dáta Éifeachta	<i>03/Samhain/2020</i>
Leagan Uimh.	<i>1.0</i>
Arna cheadú ag	<i>Feidhmeannach an Gharda</i>
Arna thabhairt isteach le	<i>Treoir HQ 060/2020</i>
Úinéir Beartais	<i>Coimisinéir Cúnta, Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach</i>

## Cuspóir

Tacóidh an doiciméad Beartais agus nós imeachta gaolmhar seo leis an gCóras Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS), ar réiteach leictreonach é atá deartha chun riarachán agus rialú imscrúdaithe agus oibríochtaí sonraíthe a dhéanann an Garda Síochána a eascraíonn as teagmhas PULSE a rialú agus chun tacú leis.

Cuirfidh an IMS le bainistiú na dtascanna imscrúdaitheacha go léir, le leithdháileadh ról agus doiciméadú a bhaineann le himscrúdú agus oibríocht a dhéanamh. Rianóidh an IMS stair iomlán ar shlabhra na n-imeachtaí a bhaineann le himscrúdú nó oibriú agus faisnéis agus fianaise a bailíodh le linn an imscrúdaithe nó na hoibríochta.

## Raon Feidhme

Tá feidhm ag an doiciméad Beartais seo agus an doiciméad/na doiciméid ghaolmhara maidir le gach pearsanra laistigh den Gharda Síochána. Tá feidhm aige chomh maith maidir le comhaltaí Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

## Ráiteas Beartas

Tá an IMS deartha chun leibhéal comhsheasmhach agus cuí imscrúdaithe a éascú maidir le gach teagmhas coireachta a thuairiscítear. Cuirfidh an córas le cumas gach pearsanra laistigh den Gharda Síochána an fheidhm reachtúil a chomhlíonadh, atá leagtha amach in alt 7, Acht an Gharda Síochána, 2005 (arna leasú), chun seirbhísí póilíneachta agus slándála a sholáthar don Stát agus é mar chuspóir aige coirpigh a thabhairt os comhair na cúirte, lena n-áirítear trí choireacht a aithint agus a imscrúdú, agus ceanglais reachtacha ábhartha eile agus freagrachtaí eiticíúla eile a chuirtear orthu a chomhlíonadh ag an am céanna.

Cinntoidh comhaltaí iomchuí den Gharda Síochána go ndéanfar na sonraí leictreonacha go léir a stóráil go lárnach agus go slán ar an gcóras IMS. Cuirfidh an IMS córas caighdeánaithe bainistíochta comhad leictreonach ar fáil laistigh den eagraíocht.

## Déanfaidh an Córas Bainistíochta Imscrúdaithe na nithe seo a leanas:

- bainistiú imscrúduithe agus oibríochta a chaighdeánú, ó thuairisciú agus taifeadadh teagmhais ar PULSE, go dtí deireadh an imscrúdaithe ghaolta;
- cabhrú le ról a leithdháileadh laistigh d'imscrúdú nó d'oibríocht;
- cabhrú lena chinntiú go gcuirtear gach post a eascraíonn as teagmhas i gcrích i gceart;
- doiciméadú rianta a ghintear a bhaineann le himscrúdú nó oibríocht;
- stair iomlán a choinneáil ar shlabhra na n-imeachtaí a bhaineann le himscrúdú nó oibríocht;
- ardán slán a chur ar fáil chun cáschomhaid leictreonacha agus aon chomhroinnt leictreonach comhad gaolmhar a stóráil;
- cumais fheabhsaithe do chuardaigh comhad a chur ar fáil agus
- áis a chur ar fáil chun rianta iniúchta, cigireachta agus athbhreithnithe iomlána agus rialú leaganacha ar cháschomhaid leictreonacha a chur ar fáil.

## Comhlíonadh

Tá comhlíonadh an Bheartais seo agus na doiciméid ghaolmhara a ghabhann leis éigeantach don phearsanra ar fad laistigh den Gharda Síochána.



## Doiciméid Ghaolmhara.

Doiciméad Nós Imeachta an Chórais Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS).

## Scagthástáil ó thaobh an Dlí & Cearta Daonna de

Rinneadh scagthástáil ó thaobh an dlí agus Cearta Daonna ar an mBeartas seo i dtéarmaí na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don réimse ábhair lena mbaineann.

## Caighdeáin Eiticiúla & Gealltanais

Ní mór don phearsanra ar fad atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

## Athbhreithniú ar Bheartas & Nós Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an mBeartas seo agus ar an doiciméad gaolmhar nóis imeachta dhá mhí dhéag (12) óna dháta éifeachta agus gach trí (3) bliana ina dhiaidh sin nó de réir mar is cuí.

## Séanadh

Ní bheartaítear gur comhairle dlí atá sa doiciméad seo, ná ní hionann é agus comhairle dlí a mbeifear ag brath uirthi maidir leis an ábhar atá anseo. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.